**Breithiúnas na Cúirte (an Seachtú Dlísheomra) an 7 Iúil 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Cour du travail de Mons – an Bheilg) – Ville de Mons, Zone de secours Hainaut – Centre v RM**

**(Cás C-377/21)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Beartas sóisialta – Treoir 97/81/CE – an comhaontú réime maidir le hobair pháirtaimseartha – Clásal 4 – Prionsabal an neamh-idirdhealaithe – Prionsabal an prorata temporis – Agus aird á tabhairt, chun críocha luach saothair comhraiceora dóiteáin ghairmiúil lánaimseartha a ríomh, fad na seirbhíse a fuair an comhraiceoir dóiteáin sin mar chomhraiceoir dóiteáin deonach, i gcomhréir le prionsabal pro rata temporis)***

(2022/C 318/24)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Cour du travail de Mons

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* Ville de Mons, Zone de secours Hainaut – Centre

*Cosantóir:* RM

**An chuid oibríochtúil:**

Ní mór Clásal 4 den chomhaontú réime maidir le hobair pháirtaimseartha, a tugadh i gcrích an 6 Meitheamh 1997, atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 97/81/CE ón gComhairle an 15 Nollaig 1997 maidir leis an gcomhaontú réime maidir le hobair pháirtaimseartha arna tabhairt i gcrích ag Cónaidhm na nGnóthas Eorpach, CEEP agus CEC, a léirmhíniú mar ní a chuireann bac ar reachtaíocht náisiúnta, chun luach saothair comhraiceoirí dóiteáin gairmiúla lánaimseartha a ríomh, luachanna, mar shinsearacht airgid, seirbhísí a soláthraíodh roimhe sin ar bhonn páirtaimseartha, mar chomhraiceoir dóiteáin deonach, ar bhonn pro rata temporis, is e sin le rá de réir na seirbhísí a rinneadh iarbhír.

([1]) IO C 391, 27.09.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte (Céad Dlísheomra) an 30 Meitheamh 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Lietuvos vyriausiasis administracinis teismas – an Liotuáin) – M.A.**

**(Cás C-72/22 PPU)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Nós imeachta práinne um réamhrialú – Polasaí um Thearmann agus Imirce – Treoir 2011/95/AE – Airteagal 4 – Nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar – Treoir 2013/32/AE – Airteagail 6 agus 7 – Caighdeáin íosta maidir le glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta – Airteagal 18 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Treoir 2013/33/AE – Airteagal 8 – An t-iarratasóir á chur faoi choinneáil – Cúis na coinneála – Cosaint na slándála náisiúnta nó cosaint an oird phoiblí – An t-iarratasóir á chur faoi choinnéail ar an mbonn go bhfuil cónaí neamhdhlíthiúil air ar chríocha an Aontais)***

(2022/C 318/25)

*Teanga an cháis: an Liotuáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Lietuvos vyriausiasis administracinis teismas

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* M.A.

*Páirtí leasmhar:* Valstybės sienos apsaugos tarnyba

**An chuid oibríochtúil**

1) Ní mór Airteagal 6 agus Airteagal 7, mír 1 de Threoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar rialachán Ballstáit lena mbaintear go héifeachtúil an fhéidearthacht de náisiúnaigh tríú tír, a bhfuil cónaí neamhdhlíthiúil orthu, rochtain a fháil ar an nós imeachta chun iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú, i gcás go bhfógraítear staid chogaidh nó staid éigeandála nó i gcás go bhfógraítear éigeandáil mar gheall ar mhórphlódú isteach eachtrannach.

2) Ní mór Airteagal 8, míreanna 2 agus 3, de Threoir 2013/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena leagtar síos caighdeáin íosta maidir le glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar dhlí Ballstáit lenar féidir iarrathóir tearmainn a chur faoi choinneáil ar an mbonn amháin go bhfuil cónaí neamhdhlíthiúil air ar chríocha an Bhallstáit sin, i gcás go bhfógraítear staid chogaidh nó staid éigeandála nó i gcás go bhfógraítear éigeandáil mar gheall ar mhórphlódú isteach eachtrannach.

---

([1]) IO C 171, 25.04.2022.

---

**Ordú Uachtarán na Cúirte an 30 Meitheamh 2022 (iarraidh ar réamhrialú ó Tribunal Judicial da Comarca de Lisboa – Juízo Local Cível de Lisboa – an Phortaingéil) – DS, CF, DT, CL v Orbest, SA**

**(Cás C-704/21)** ([1])

***(Aeriompar – Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 – Cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí – Eitiltí a chur ar ceal nó moill fhada a chur orthu – Díolúine ón oibleagáid chun cúiteamh a íoc – Imthosca eisceachtúla – Imbhualadh fheithicil lónadóireachta le heitleáin a bhí páirceáilte ag an aerfort)***

(2022/C 318/26)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunal Judicial da Comarca de Lisboa – Juízo Local Cível de Lisboa

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* DS, CF, DT, CL

*Cosantóir:* Orbest, SA

**An chuid oibríochtúil**

Bainfear Cás C-704/21 de Chlár na Cúirte Breithiúnais.

---

([1]) Dáta an taiscthe: 23.11.2021

---

**Achomharc arna thabhairt an 10 Márta 2022 ag Laboratorios Ern, SA i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Séú Dlísheomra) a tugadh an 12 Eanáir 2022 i gCás T-160/21, Laboratorios Ern v EUIPO – Malpricht (APIRETAL)**

**(Cás C-187/22 P)**

(2022/C 318/27)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* Laboratorios Ern, SA (ionadaithe: T. González Martínez agus R. Guerras Mazón, abogados)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO), Ingrid Malpricht